

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Inis, Co. an Chláir

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin, 01 Márta 2012



CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile

11:45 Bronnadh Duaiseanna / Bileoga Aiseolais

12:00 Cuairt ar sheastáin

12:30 Críoch



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. Bhain Kevin Céim Tráchtála, Máistreacht sa Mhargaíocht, Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí é Kevin De Barra le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



Breandán MacFhionnghaile

Rugadh i Sasana Breandán MacFhionnghaile agus d'fhill sé go hÉireann nuair a bhí sé deich mbliana d'aois agus is ansin a thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge.

Chaith sé tréimhse ag taiseal san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe agus d'oibrigh sé mar mhúinteoir bunscoile i gCo. an Chláir. Tá Breandán ag obair mar Oifigeach Forbartha le An Clár as Gaeilge le roinnt blianta anuas.

Is í príomhaidhm An Clár As Gaeilge ná labhairt na Gaeilge a neartú sa chontae agus seirbhísí teanga a fhorbairt chun freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge. Is togra páirtnéireachta pobail é An Clár as Gaeilge Teoranta atá á eagrú ag Conradh na Gaeilge. Tá an togra bunaithe le hocht mbliana anuas agus feidhmíonn sé as oifig buan in Inis le hOifigeach Forbartha agus Cúntóir Oifige fostaithe le Clár Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.



Siún Nic Gearailt

Is láithreoir Nuachta í Siún Nic Gearailt le RTÉ. Is ón bhFeothanaigh in iarthar Chiarraí ó dhúchas í Siún. Fuair sí a cuid scolaíochta go háitiúil.

Thug sí aghaidh ar OÉ, Gaillimh áit ar bhain sí bunchéim onórach sa Ghearmáinis agus sa Ghaeilge amach, mar aon le hiarchéim san iriseoireacht. Chaith sí bliain ar an Ollscoil i Freiburg na Gearmáine.

Chuir Siún tús lena saol iriseoireachta i Clare FM mar thaighdeoir agus mar thuairisceoir. Chaith sí seal ag obair le comhlacht Concorde Anois - comhlacht scannánaíochta ó Los Angeles - bhog sí go Teilifís na Gaeilge TG4 agus bhí sí ar dhuine don chéad ghrúpa iriseoirí leis an stáisiún nua. Chlúdaigh Siún scéalta fud fad na tíre. Anuas ar seo tá scéalta clúdaithe aici ó Shasana, ón nGearmáin agus chomh fada ó bhaile leis an Nigéir.



Conor Keane

Rugadh agus tógadh Conor in Inis, Co. an Chláir. Is ceoltóir lánaimseartha é Conor anois, in Éirinn agus i dtíortha eile chomh maith. Thosaigh sé ag cur spéise sa Ghaeilge agus sa cheol le linn dó bheith ag freastail ar scoil ag na Bráithre Críostaí in Inis.

Chuaigh sé ar ollscoil i nGaillimh agus oileadh ina múinteoir é, ach roghnaigh sé an ceol mar shlí bheatha ina dhiaidh. Bhí sé ina bhall de ghrúpaí éagsúla, ina measc An Tulla Céilí Band, Arcady, agus Four Men and a Dog. Tá ceithre cheirníní aonair eisithe aige.

Chaith sé seal sa Bhriotáine ag ceoil, ag taisteal agus ag taifeadh le grúpaí éagsúla. Tá roinnt blianta caite aige ag obair d'eagrais éagsúla sa Chlár, An Clár as Gaeilge ina measc agus chabhraigh sé le bunú Choiste Logainmneacha an Chláir. Bíonn Conor ag teagaisc ag Scoil Shamhraidh Willie Clancy i Sráid na Cathrach gach Samhradh.



Emer Ní Fhlaitheartaigh

Is bean de bhunadh na hInse í Emer. Tá sí ag obair mar Oifigeach Forbartha Gaeilge i gComhairle Contae an Chláir le beagnach deich mbliana anuas.

D'fhreastail Emer ar OÉ, Gaillimh agus bhain sí céim sa dlí agus sa dlí corparáideach amach, mar aon le diplóma sa Ghaeilge. Tá Máistreacht i Staidéar na Meán Éireannach aici ó Ollscoil Luimnigh agus tá sí i mbun Máistreachta sa Drámaíocht in OÉ, Gaillimh faoi láthair. Is ball í de Choiste Logainmneacha an Chláir, d'Fhóram Gaeilge an Chláir, agus de Choiste Ghlór na hInse.

Pléann sí le cur i bhfeidhm na Scéime Teanga de chuid na Comhairle agus is urlabhraí Gaeilge í do na meáin chumarsáide Gaeilge chomh maith.



Dónal ó hAiniféin

Is as Lios Deargáin, Lios Póil ar imeall Ghaeltacht Chorca Dhuibhne ó dhúchas do Dhónal. Fuair sé a chuid oideachais bunscoile i Scoil Chluain Chumhra ansin agus chuaigh sé go dtí Meánscoil na mBráithre Críostaí sa Daingean don iarbhunscolaíocht. Iar-Uachtarán ar Ghaelscoileanna Teoranta is ea é.

Bhain sé céim B.Oid amach i gColáiste Mhuire Gan Smál i Luimneach agus máistreacht i múineadh teangacha ina dhiaidh sin ó Acadamh na hOllscolaíochta in OÉ, Gaillimh.

Is príomhoide gaelscoile é Dónal le fiche bliain anuas agus tá an-spéis aige i gcúrsaí Gaelscolaíochta/Gaeltachta agus tumoideachais ach go háirithe.



Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuart timpeall na tíre:

